



C/2025/1951

31.3.2025

**CINNEADH Ó ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON
BHEARTAS SLÁNDÁLA**

an 6 Márta 2025

**maidir leis na rialacha i ndáil le láimhseáil iarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid atá i seilbh
Ionadaithe Speisialta AE**

(C/2025/1951)

TÁ ARD-IONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint d'Airteagal 33 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 33 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuireann gach Ionadaí Speisialta de chuid an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'ISAE' anseo feasta) a shainordú i gcrích faoi údarás an Ardionadaí.
- (2) Is eintitis fheidhmiúla ar leithligh iad ISAEanna ón gComhairle agus ó SEGS.
- (3) Chun déileáil le hiarratas ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid atá i seilbh ISAE, ba cheart dó na rialacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm ⁽¹⁾.
- (4) Is iomchuí rialacha cur chun feidhme a ghlacadh a bheidh infheidhme maidir le gach ISAE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

Beidh ag gach saoránach den Aontas Eorpach, agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát, ceart rochtana ar dhoiciméid arna dtarraingt suas nó arna bhfáil ag ISAE de réir na bprionsabal, na gcoinníollacha agus na dteorainneacha a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta) agus na rialacha cur chun feidhme a leagtar síos sa Chinneadh seo.

Airteagal 2

Iarratas a chur isteach

1. Is i scríbhinn a chuirfear isteach aon iarratas ar rochtain ar dhoiciméid atá dírithe ar ISAE, lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach, trí ríomhphost a sheoladh chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil EUSR-ACCESS-TO-DOCUMENTS@eeas.europa.eu.
2. Déanfar an t-iarratas ar bhealach beacht go leor chun go mbeidh ISAE in ann na doiciméid a iarradh a shainaitheint agus an t-iarratas a phróiseáil laistigh de theorainneacha ama an Rialacháin.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

3. A luaithe a chlárófar an t-iarratas, seolfar admháil fála chuig an iarratasóir.
4. Próiseálfar sonraí pearsanta iarratasóirí i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta ⁽⁷⁾.

Airteagal 3

Teorainneacha ama

1. Tabharfaidh ISAE freagra ar iarratais tosaigh agus dearbhúcháin laistigh de 15 lá oibre ón dáta a chlárófar an t-iarratas.
2. Mura bhfuil iarratas beacht go leor nó má tá sé róleathan ó thaobh a raoin feidhme de, rachaidh ISAE i dteagmháil go pras leis an iarratasóir d'fhonn an iarraidh a shoiléiriú nó a raon feidhme a theorannú i gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus 6(3) den Rialachán. In éagmais aon fhreagra ón iarratasóir laistigh de 10 lá oibre, rachaidh ISAE i dteagmháil an athuair leis an iarratasóir agus tabharfar 5 lá oibre breise dó chun raon feidhme na hiarrata a shoiléiriú nó a theorannú ionas go mbeidh ISAE in ann na doiciméid a iarradh a shainaithint agus a gcur chun feidhme a láimhseáil ar bhealach éifeachtúil. Mura dtugann an t-iarratasóir soiléiriú nó mura ndéanfaidh sé teorannú ar an raon feidhme, measfar gur diúltaíodh don iarratas. Ní mhairfidh an sprioc-am le freagra a thabhairt ach amháin ón tráth a gheobhaidh ISAE an fhaisnéis ábhartha ón iarratasóir.
3. I gcásanna eisceachtúla, mar a leagtar amach in Airteagail 7(3) agus 8(2) den Rialachán, féadfar síneadh 15 lá oibre a chur leis na spriocdhátaí, go háirithe:
 - (a) i gcás iarratais atá casta nó a bhfuil líon mór sonraí nó doiciméad ag baint leo;
 - (b) más gá, chun iarraidh a dhéanamh, dul i gcomhairle le hinstitiúid, le comhlacht, le hoifig de chuid an Aontais nó le misean nó oibríocht de chuid an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, nó le Ballstát de chuid an Aontais; nó
 - (c) más gá dul i gcomhairle le tríú páirtí.

Ní mór an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi aon síneadh mar sin agus faoi na cúiseanna atá leis.

Airteagal 4

Freagraí a láimhseáil

1. Síneoidh Ceann Oifig ISAE freagraí ar iarratais tosaigh, agus gníomhóidh sé mar Chomhfhreagraí um Rochtain ar Dhoiciméid laistigh d'Oifig ábhartha ISAE. In éagmais Ceann Oifige, ceapfaidh ISAE Comhfhreagraí um Rochtain ar Dhoiciméid as na baill foirne atá ann.
2. Síneoidh ISAE ábhartha freagraí ar iarratais dearbhúcháin.
3. Gan dochar do na míreanna thuas, chun iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid a láimhseáil, ag an gcéim thosaigh agus ag an gcéim dhearbhúcháin araon, tacaíonn Foireann Trédhearcachta SEGS le ISAEnna agus lena n-oifigí agus cuireann sí comhairle orthu. Téitear i gcomhairle le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, nuair is iomchuí, maidir leis an gcinneadh atá le glacadh i gcásanna casta.

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*Airteagal 5***Freagra diúltach**

Má tá an freagra ar iarratas diúltach ina iomláine nó i bpáirt, luafar na cúiseanna leis an diúltú bunaithe ar cheann de na heisceachtaí a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán. Leis na freagraí ar iarratas tosaigh, cuirfear in iúl don iarratasóir go bhfuil sé de cheart aige iarratas dearbhúcháin a chur isteach. In aon fhreagra diúltach ar iarratas dearbhúcháin, cuirfidh ISAE an t-iarratasóir ar an eolas faoi na réitigh atá ar fáil, eadhon imeachtaí cúirte a thionscnamh in aghaidh ISAE ábhartha faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 263 CFAE agus/nó gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 228 CFAE.

*Airteagal 6***Doiciméid tríú páirtí atá i seilbh ISAE**

1. I gcás ina bhfaigheann ISAE iarratas ar rochtain ar dhoiciméad atá ina sheilbh, ach a thagann ó thríú páirtí, rachfar i gcomhairle leis an tríú páirtí murar léir go nochtfar nó nach nochtfar an doiciméad, i bhfianaise na n-eisceachtaí a leagtar amach sa Rialachán.
2. Tabharfar rochtain ar an doiciméad gan dul i gcomhairle leis an tríú páirtí más rud é gur chuir údar an doiciméid ar fáil don phobal cheana féin é, gur chuir institiúidí nó comhlachtaí eile de chuid an Aontais ar fáil don phobal é cheana féin, nó más léir nach ndéanfaidh nochtadh, nó nochtadh páirteach, a ábhair difear d'aon cheann de na leasanna dá dtagraítear in Airteagal 4 den Rialachán.
3. Ní mór dul i gcomhairle leis an tríú páirtí má chumhdaítear an doiciméad faoi Airteagal 9 den Rialachán, nó más ó Bhallstát a tháinig an doiciméad agus gur iarr an Ballstát ar ISAE gan an doiciméad a nochtadh gan comhaontú a fháil uaidh roimh ré faoi Airteagal 4(5) den Rialachán. Ní mór gur i scríbhinn a dhéanfaidh Ballstát an iarraidh sin.
4. Rachfar i gcomhairle leis an tríú páirtí i scríbhinn agus tabharfar teorainn ama réasúnta dó freagra a thabhairt, agus na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 3 thuasluaite á gcur san áireamh. Tabharfaidh an tríú páirtí a thuairim i scríbhinn.
5. In éagmais freagra ón tríú páirtí laistigh den teorainn ama ordaithe, nó má tá an tríú páirtí neamh-inaitheanta nó neamh-inrianaithe, déanfaidh ISAE cinneadh maidir leis an iarratas i bhfianaise na n-eisceachtaí a leagtar amach sa Rialachán, agus leasanna dlisteanacha an tríú páirtí á gcur san áireamh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil do ISAE.
6. Má tá sé ar intinn ag ISAE rochtain a thabhairt ar dhoiciméad i gcoinne thuairim shainráite an tríú páirtí, cuirfidh sé in iúl don tríú páirtí go bhfuil sé ar intinn aige an doiciméad a nochtadh laistigh den sprioc-am is infheidhme faoin Rialachán.

*Airteagal 7***Comhairliúchán le ISAE**

1. Maidir le hiarrataí ar cheadú ISAE ó Bhallstát nó ó institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais a fuair iarratas ar dhoiciméad atá ina sheilbh ach a tháinig ó ISAE sa chéad áit, seolfar i ríomhphost iad chuig EUSR-ACCESS-TO-DOCUMENTS@eeas.europa.eu.
2. Tabharfaidh ISAE a thuairim uaidh go pras, agus aon teorainn ama is infheidhme chun freagra a thabhairt á cur san áireamh aige, agus, ar a dhéanaí, laistigh de 5 lá oibre.

*Airteagal 8***Doiciméid rúnaicmithe**

1. I gcás ina mbaineann iarratas ar rochtain ar dhoiciméad le doiciméad atá cumhdaithe faoi Airteagal 9 den Rialachán nó le doiciméad eile atá rúnaicmithe i gcomhréir le rialacha na hinstitiúide lena mbaineann, agus a chosnaíonn leasanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, is oifigigh atá i dteideal eolas a fháil ar an doiciméad a phléifidh leis.

2. Tabharfar cúiseanna ar bhonn na n-eisceachtaí a liostaítear in Airteagal 4 den Rialachán maidir le haon chinneadh ina ndiúltaítear rochtain ar an doiciméad rúnaicmithe go léir nó ar chuid de. Mura féidir an rochtain ar an doiciméad a iarradh a dhiúltú ar bhonn na n-eisceachtaí sin, áiritheoidh an t-oifigeach atá ag láimhseáil an iarratais go ndéanfar an doiciméad a scaoileadh ó rúnaicmiú sula seolfar chuig an iarratasóir é.

Airteagal 9

Módúlachtaí rochtana

1. Seolfar doiciméid a dtabharfar rochtain orthu tríd an bpost nó le ríomhphost. Má tá na doiciméid a iarradh toirtiúil nó deacair a láimhseáil, féadfar a iarraidh ar an iarratasóir féachaint orthu san áit ina bhfuil siad. Beidh an comhairliúchán sin saor in aisce.
2. Má tá an doiciméad eisithe cheana féin, d'fhéadfadh sé gurbh é an freagra a bheadh ann a chur in iúl don iarratasóir conas an doiciméad a iarradh a fháil, mar shampla na tagairtí foilseacháin a sholáthar nó an seoladh gréasáin ar a bhfuil sé ar fáil a chur in iúl.
3. Más mó ná 20 leathanach líon na gcóipeanna atá le seoladh leis an bpost, féadfar táille EUR 0,10 in aghaidh an leathanaigh, móide costais loingseoireachta, a ghearradh ar an iarratasóir. Cinnfear na táillí ar mheáin eile de réir an cháis ach ní sháróidh siad méid réasúnta.

Airteagal 10

Doiciméid a fhoilsiú

1. Déantar doiciméid a chuireann ISAE ar fáil go poiblí tar éis iarratas ar rochtain ar dhoiciméid a fhoilsiú le tacaíocht ó SEGS agus déantar iad a óstáil, chuige sin, i gclár poiblí SEGS.
2. I gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán, ní dhéanfar doiciméid a chumhdaítear leis an bhforáil sin a thaifeadadh i gclár poiblí SEGS ach amháin le toiliú an tionscnóra.

Airteagal 11

Tuairisciú

Tuairisceoidh ISAEnna go bliantúil don Ardionadaí maidir le líon na gcásanna inar dhiúltaigh a n-oifig rochtain a thabhairt ar dhoiciméid, agus i gcásanna den sórt sin soláthróidh siad cúiseanna na ndiúltuithe sin.

Airteagal 12

Éifeacht

1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le gach ISAE.
2. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Márta 2025.

Kaja KALLAS

Ardionadaí an Aontais

do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála